

Comóradh sa Tuaisceart

Ceist 1


Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chomóradh 20 bliain Chomhaontú Aoine an Chéasta. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo thíos?

- *Northern Irish politicians*
- *political crisis*
- *Freedom of the City*
- *diplomat*
- *ex-delegate*
- *series of interviews*
- *leadership*
- *make light of something*
- *feedback*
- *political deadlock*
- *Secretary of State*

Breathnaí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus déan achoimre don duine in aice leat ar ábhar na míre.



Ceist 3

Ceisteanna sa Ghaeilge

1. Féach ar na focail i gcló Iodálach thíos a úsáidtear chun ceisteanna a chumadh. Cé acu a ghlacann an clásal coibhneasta **díreach** agus cé acu a úsáideann an clásal coibhneasta **indíreach**?

Cuir na focail sna boscaí cearta:

cé chomh minic, cad chuige, cén chaoi, cad, cé, cathain, conas, cén tslí, cén fáth, céard, cén áit, cén fad, cén uair, cad é mar, cén dóigh

Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indíreach

--	--

2. Cum ceisteanna **faoin tuairisc** leis na focail atá sna boscaí faoi cheist 1, ansin cuir na ceisteanna sin ar an duine in aice leat. Mar shampla:

- ✓ *Cé chomh minic a luaitear Bill Clinton sa mhír?*
- ✓ *Cad chuige a bhfuil George Mitchell i mBéal Feirste?*

Ceist 4 Cúis an tséimhithe

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht cúis an tséimhithe sna samplaí thíos, a bhí sa mhír, a mhíniú:

- ar pholaiteoirí Thuaisceart Éireann
- iarthoscaire
- nár chóir
- dúirt Bertie Ahern, a bhí ina Thaoiseach
- leis an tsáinn pholaitiúil
- an dá thaobh

Ceist 5 Cuir na focail úsáideacha seo, a bhí le cloisteáil sa mhír, in abairtí lena mbrí a léiriú:

ag impí ar
beag a dhéanamh de
bain amach
dá bharr sin agus de bharr
dár gcionn

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad atá ar eolas agat faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta?
2. Conas mar atá cúrsaí i dTuaisceart Éireann faoi láthair, dar leat?
3. Cén tionchar atá ag Brexit ar chúrsaí sa Tuaisceart?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint ar an mír uair amháin.

- *Northern Irish politicians* – polaiteoirí Thuaisceart Éireann
- *political crisis* – géarchéim pholaitíochta
- *Freedom of the City* – Saoirse na Cathrach
- *diplomat* – taidhleoir
- *ex-delegate* – iarthoscaire
- *series of interviews* – sraith agallamh
- *leadership* – ceannaireacht
- *make light of something* – beag a dhéanamh de
- *feedback* – aischothú
- *political deadlock* – sáinn pholaitiúil
- *Secretary of State* – Státrúnaí

Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt achoimre a dhéanamh ar an tuairisc.

Ceist 3

1.

Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indíreach
<i>cé chomh minic, cad, cé, cathain, conas, céard, cén fad, cén uair, cad é mar</i>	<i>cad chuige, cén chaoi, cén tslí, cén fáth, cén áit, cén dóigh</i>

2. Ceisteanna samplacha:

Cé chomh minic a luaitear Bill Clinton sa mhír?

Cad a bhí ar siúl in Ollscoil na Banríona inniu?

Cé a bhí i láthair ag an ócáid?

Cathain a síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta?

Conas atá cúrsaí polaitíochta sa Tuaisceart sa lá atá inniu ann?

Céard a dúirt Bill Clinton?

Cén fad a mhair an comóradh?

Cén uair a labhair Gerry Adams leis an mbeirt mháithreacha?

Cad é mar atá an aimsir sa mhír?

Cad chuige a bhfuil George Mitchell i mBéal Feirste?

Cén chaoi a raibh tionchar ag Bill Clinton ar an bpróiseas síochána, dar leat?

Cén tslí a bhfuil easpa ceannaireachta ag cur isteach ar chúrsaí polaitíochta sa Tuaisceart?

Cén fáth ar bronnadh Saoirse na Cathrach ar George Mitchell?

Cén áit a bhfuil an comóradh ar siúl?

Cén dóigh a bhfuil Bill Clinton gléasta sa mhír?

Ceist 4

- ar pholaiteoirí Thuaisceart Éireann
Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí ‘ar’. Cuirtear séimhiú ar ainmfhocal cinnte sa tuiséal ginideach tar éis ainmfhocal eile.
- iarthoscaire
Leanann séimhiú an réimír ‘iar’.

- nár chóir
Is é 'nár' an mhír cheisteach dhiúltach san aimsir chaite, leanann séimhiú 'nár'.
- dúirt Bertie Ahern, a bhí ina Thaoiseach
Is í an aidiacht shealbhach, tríú pearsa firinsneach atá i gceist
- leis an tsáinn pholaitiúil
Cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann ainmfhocal baininsneach.
- an dá thaobh
Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann 'dá'.

Ceist 5

ag impí ar – *pleading*

beag a dhéanamh de – *to make light of something*

bain amach – *to achieve*

dá bharr sin **agus** de bharr – *because of that/consequently, because of*

dár gcionn – *the following*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

Maolra Mac Donnchadha

Agus bhur gcéad fáilte isteach. Táthar ag impí ar pholaitheoirí Thuaisceart Éireann deireadh a chur leis an ngéarchéim pholaitíochta in Stormont. 20 bliain sa lá inniu a síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta. Bhí ócáid chomórtha in Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste inniu, agus tráthnóna, bronnadh Saoirse na Cathrach ar an taidhleoir, George Mitchell, agus ar Iar-Uachtarán Mheiriceá, Bill Clinton.

Áine Ní Ghallchóir

Bhí Iar-Uachtarán Mheiriceá, Bill Clinton, ar ais i mBéal Feirste tráthnóna inniu. Bhí tionchar mór aigesean ar Chomhaontú Aoine an Chéasta. Bronnadh Saoirse na Cathrach airsean agus ar George Mitchell, iarthoscaire síochána an Tuaiscirt.

Taobh amuigh d'Ollscoil na Ríona¹ i mBéal Feirste ag am lóin, na príomhdhaoine páirteach i gComhaontú Aoine an Chéasta, a rinneadh ar an 10 Aibreán 1998. I sraith agallamh, chuir siad síos ar a gcuimhní ar an tsocrú² sin agus ar na deacrachtaí polaitiúla reatha.

Bhí teachtaireacht ag go leor de na daoine anseo inniu, is é sin, go léireodh polaiteoirí ceannaireacht, mar a léiríodh in 1998 chun deireadh a chur leis an tsáinn ag Stormont.

Dúirt George Mitchell nár chóir beag a dhéanamh den mhéid atá bainte amach anseo agus go bhfuil áit i bhfad níos fearr ann dá bharr.

Dúirt Iar-Uachtarán Shinn Féin go raibh imní air i ndiaidh an tsocraithe faoin aischothú a gheobhadh sé ó Phoblachtaigh³. Seo a tharla dhá lá dár gcionn ag Comóradh Domhnach Cásca i dTír Eoghain.

Gerry Adams TD, Iar-Uachtarán Shinn Féin

Tháinig beirt mháithreacha...máithreacha bheirt óglach⁴ a fuair bás, bean uasal Arthurs agus bean uasal Gormley, agus thug siad barróg mhór⁵ domsa. Agus, shíl mé ag an uair sin, go mbeadh muid maith go leor.

Áine Ní Ghallchóir

Dúirt Bertie Ahern, a bhí ina Thaoiseach 20 bliain ó shin, agus a bhí lánach sa tsocrú⁶ gur chóir do Rialtas na hÉireann agus na Breataine, a theacht le chéile leis an tsáinn⁷ pholaitiúil a bhriseadh, agus caidreamh idir an dá thaobh a chóiriú, caidreamh, a dúirt sé, atá millte ag Brexit.

D'impigh Státrúnaí an Tuaiscirt, Karen Bradley agus an Tánaiste, Simon Coveney, ar na páirtithe iarracht a dhéanamh socrú a dhéanamh.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4 i mBéal Feirste.

¹ Ollscoil na Banríona an teideal oifigiúil

² ar an socrú an leagan caighdeánach

³ Poblachtánaithe a dúradh

⁴ beirt mháthair, mháthair beirt óglach a dúradh

⁵ mór a dúradh

⁶ córas Uladh

⁷ córas Uladh